# Cistí Barrachais atá á n-úsáid le haghaidh Tionscadail Chaipitiúla

(Rinneadh an nuashonrú is deireanaí ar an gcáipéis seo i Lúnasa 2025)

## 1. Réamhrá

Féadfaidh an bord bainistíochta a chinneadh gur féidir cistí barrachais laistigh dá gcúlchistí a leithdháileadh le haghaidh cuspóir sonrach, m.sh. obair chaipitil.
Mar is amhlaidh le haon tionscadal tógála caipitil, bheadh gá le pátrún nó le faomhadh iontaobhaí sula dtosófaí ar na hoibreacha.

## 2. Cur Chuige Cuntasaíochta

Is féidir an caiteachas a thaifeadadh sa ghnáthbhealach agus ní bheidh aon cheanglas ann iarmhéideanna cúlchistí a choigeartú.

### 2.1 Sampla - Ag baint úsáide as cistí barrachais le haghaidh tionscadail tógála.

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Cistí Barrachais atá á n-úsáid le haghaidh Tionscadail Chaipitiúla | DR | 3960 | Costas Tiomsaithe Airgid don Chlár Caipitil Talún/Tógála<br>Caipiteal agus Cúlchistí |
| | CR | 1800 | Cuntas Reatha 1<br>Sócmhainn Reatha |

### 2.2 Aistriú chuig an gCuntas Ciste Talún/Tógála

An bhliain tar éis don tionscadal tógála caipitil a bheith críochnaithe, ba cheart an t-ioncam agus an caiteachas a aistriú chuig cuntas an chiste talún/tógála.

| Gníomh | DR/CR | Cód Ainmniúil | Cur Síos |
|---|---|---|---|
| Costas an tionscadail tógála caipitil a aistriú chuig Cuntas an Chiste Talún/Tógála | DR | 3995 | Cuntas an Chiste Talún/Tógála<br>Caipiteal agus Cúlchistí |
| | CR | 3960 | Costas Tiomsaithe Airgid don Chlár Caipitil Talún/Tógála<br>Caipiteal agus Cúlchistí |